CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1096 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meitheamh 2023

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bailiú agus nuashonrú tráthrialta sonraí maidir le tionóiscí a bhaineann le húsáid earraí piriteicniúla

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i dtaca le hearraí piriteicniúla ([1]) a chur ar fáil ar an margadh, agus go háirithe Airteagal 43(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 43(b) de Threoir 2013/29/AE, tá an Coimisiún leis na socruithe praiticiúla a chinneadh i dtaca le bailiú agus nuashonrú tráthrialta sonraí maidir le tionóiscí a bhaineann le hearraí piriteicniúla, ar mhaithe le forléargas a fháil, a mhéid is féidir, ar an staid atá ann ó thaobh tionóiscí de san Aontas, forléargas a bheidh bunaithe ar chomhphrionsabail tuairiscithe. Dá bhrí sin, bailiú, nuashonrú agus malartú tráthrialta iontaofa na sonraí sin, is uirlis thábhachtach atá ansin chun léargas soiléir a thabhairt chun grinnis ar a mhéid atá an Treoir á cur chun feidhme go héifeachtach a mhéid a bhaineann le húsáid dhleathach shábháilte earraí piriteicniúla, agus ar an gcaoi sin a mheas cé acu a bheadh gá le bearta breise comhchuibhithe nó nach mbeadh.

(2) Tá na Ballstáit uile tar éis teacht ar chomhaontú cheana féin go bhfuil sé, i bprionsabal, úsáideach agus indéanta na sonraí a bhailiú maidir le tionóiscí a bhaineann le húsáid earraí piriteicniúla. Chruthódh bailiú sonraí a bhaineann le hearraí piriteicniúla de chatagóirí seachas F1 go F4 ualach riaracháin gan údar, áfach. Ina theannta sin, ní bhaineann riosca mí-úsáide nó tionóisce le hearraí piriteicniúla de chatagóir P1 d'fheithiclí, lena n-áirítear córais málaí aeir agus córais réamhtheannasóirí creasa sábhála, toisc gur cuid d'fheistí sábháilteachta i bhfeithiclí iad. Ós rud é go ndearna na Ballstáit sonraí maidir le tionóiscí a bhaineann le húsáid tinte ealaíne a thuairisciú don Choimisiún ar bhonn deonach cheana féin, ba cheart an córas deonach atá ann cheana féin a úsáid mar bhunús agus na socruithe praiticiúla á gcinneadh i ndáil le bailiú agus nuashonrú tráthrialta sonraí ag na Ballstáit uile maidir le tionóiscí a bhaineann le húsáid tinte ealaíne.

(3) Chun ábharthacht agus inchomparáideacht na sonraí a áirithiú, ba cheart go n-áireofaí leis na sonraí éigeantacha íosta faisnéis maidir le líon foriomlán na dtionóiscí inar tharla díobhálacha nó maidir le líon foriomlán na ndíobhálacha a bhain le húsáid earraí piriteicniúla chomh maith le líon na ndíobhálacha a d'eascair as na tionóiscí de réir aoisghrúpa agus chineál na díobhála. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcúisíocht agus, ina dhiaidh sin, chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais náisiúnta nó cinntí beartais de chuid an Aontais, ba cheart sonraí breise a sholáthar má tá siad ar fáil. Chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú, i gcás nach féidir na sonraí íosta is gá a bhailiú, ba cheart tuairisciú ar shonraí eachtarshuite a bhailítear ó shamplaí ionadaíocha a cheadú.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Earraí Piriteicniúla,

([1]) IO L 178, 28.6.2013, lch. 27.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sonraí éigeantacha íosta

1. Ón 1 Eanáir 2024, le haghaidh gach bliana féilire baileoidh na Ballstáit na sonraí seo a leanas ar a laghad maidir le tionóiscí a tharla laistigh dá gcríoch, tionóiscí a bhain le húsáid earraí piriteicniúla de chatagóirí F1 go F4:

(a) líon foriomlán na dtionóiscí inar tharla díobhálacha nó líon foriomlán na ndíobhálacha a bhain le húsáid earraí piriteicniúla;

(b) líon na ndíobhálacha arna roinnt ar aoisghrúpaí na n-íospartach mar seo a leanas:

(i) ó 0 go 12 bliana;

(ii) ó 13 go 18 mbliana;

(iii) níos sine ná 18 mbliana;

(c) líon na ndíobhálacha de réir cineáil sna catagóirí seo a leanas:

(i) lámh nó sciathán;

(ii) aghaidh nó ceann;

(iii) súile;

(iv) éisteacht;

(v) eile;

(d) líon na ndíobhálacha de réir a thromchúisí is atá siad sna catagóirí seo a leanas:

(i) díobhálacha a éilíonn ospidéalú;

(ii) básanna;

(iii) eile.

2. I gcás nach féidir aon cheann de na sonraí dá dtagraítear i mír 1 a bhailiú, féadfaidh na Ballstáit sonraí a bhailiú ó shamplaí ionadaíocha agus iad a eachtarshuí.

3. I gcás nach féidir sonraí a bhailiú, mar a thagraítear dó i mír 1 agus i mír 2, in aon bhliain ar leith, baileoidh na Ballstáit na sonraí eile go léir maidir le tionóiscí a bhain le húsáid earraí piriteicniúla de chatagóirí F1 go F4 a bheidh ar fáil dóibh.

Airteagal 2

Sonraí breise

De bhreis ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 1, baileoidh na Ballstáit na sonraí seo a leanas, i gcás ina mbeidh siad ar fáil:

(a) an cineál earra phiriteicniúil ba chúis leis an tionóisc;

(b) faisnéis maidir le cé acu b'úsáid mhícheart, mí-úsáid nó mífheidhmiú an earra ba chúis leis an tionóisc;

(c) faisnéis maidir le cé acu a cuireadh an t-earra ar fáil ar an margadh go mídhleathach nó nár cuireadh;

(d) aon fhaisnéis eile a mheasann an Ballstát a bheith tábhachtach le haghaidh anailís ar shonraí maidir le tionóiscí.

Airteagal 3

Tarchur faisnéise

1. Tarchuirfidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 le haghaidh gach bliana féilire chuig an gCoimisiún faoin 1 Deireadh Fómhair den bhliain féilire ina dhiaidh sin.

2. I gcás ina dtarchuirfidh na Ballstáit sonraí i gcomhréir le hAirteagal 1(2), cuirfidh siad in iúl cé na sonraí ar sonraí eachtarshuite iad.

3. I gcás ina dtarchuirfidh na Ballstáit sonraí i gcomhréir le hAirteagal 1(3), cuirfidh siad réasúnú isteach ina míneofar cén fáth nárbh fhéidir sonraí a bhailiú ná a eachtarshuí an bhliain sin.

4. Is san fhormáid leictreonach atá le soláthar ag an gCoimisiún a chuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 1(1), 1(2) agus 2.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Thierry BRETON
Comhalta den Choimisiún